An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

## Cúntóir Cumarsáide Digití (Grád IV)

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar do chách curtha le chéile faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d’údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d’údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta

- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratas anois ar fholúntas poist mar **Chúntóir Cumarsáide Digití – Grád IV** ar an bhFoireann Beartais agus Cleachtais ar bhonn buan. Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## Sainchuntas poist

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag iarraidh Cúntóir Cumarsáide Digití (Grád IV) a earcú. Déanfar an ceapachán ar bhonn lánaimseartha, agus beidh an té a cheapfar freagrach don Bhainisteoir Cumarsáide.

Caithfidh an té a cheapfar sa phost mar Chúntóir Cumarsáide Digití oibriú go dlúth leis an Oifigeach Cumarsáide agus leis an mBainisteoir Cumarsáide. Cabhróidh sé/sí le hábhar a chruthú do na meáin shóisialta, déanfaidh sé/sí nuashonruithe ar an suíomh gréasáin agus cabhróidh sé/sí le riar na bhfiosruithe ó ionadaithe poiblí agus ó na meáin.

Mar bhall foirne, beifear ag súil go gcuirfidh sealbhóir an phoist go gníomhach le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta agus go nglacfaidh sé páirt inti agus go gcuirfidh sé a cuid beartas chun cinn i gcónaí agus go gcloífidh sé le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report.

## Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh leis na príomhdhualgais agus freagrachtaí:

- Cabhrú le bainistiú inneachair ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta. Baineann sé seo le haonfhoirmeacht inneachair a chinntiú, le huasdátú inneachair, le pleanáil maidir le cruthú inneachair, agus le cartlannú
- Cabhrú le seachadadh ghníomhaíochtaí gréasáin, digiteacha agus meán sóisialta na heagraíochta ó lá go lá, lena n-áirítear ábhar do na meáin shóisialta a phostáil agus a sceidealú, féilire míosúil meán sóisialta a chur i dtoll a chéile, cabhrú le feachtais fógraíochta ar na meáin shóisialta a sceidealú, agus sonraí anailísíochta a bhailiú
- Cabhrú le físeáin a chruthú do chainéil ar na meáin shóisialta agus don suíomh gréasáin
- Grianghraif/íomhánna/físeáin a fhoinsiú, a chur in eagar agus a choimeád de réir mar is gá ionas gur féidir iad a úsáid mar thaca leis an bhfaisnéis in aschuir na Gníomhaireachta Tithíochta
- Tacú le feidhm caidrimh phoiblí na Gníomhaireachta Tithíochta trí chabhrú le riar na bhfiosruithe ón bpreas agus ó ionadaithe poiblí
- Dul i gcomhairle le forbróirí gréasáin seachtracha maidir leis an suíomh gréasáin a chothabháil
- Cuidiú le himeachtaí a eagrú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear comhdhálacha bliantúla, ócáidí oiliúna, taispeántais agus seimineáir
- Rochtain éasca ar eolas agus ar ardáin a úsáidtear a choimeád ar thús cadhnaíochta sa chumarsáid

- Dualgais ar bith eile a chomhlíonadh de réir mar a ordaítear iad
- Tabhairt faoi oiliúint agus forbairt de réir mar is gá.

## Riachtanais Phearsanta / Oideachais

Meastar go bhfuil na critéir seo a leanas **riachtanach** don phost:

- Eolas maith ar an anailísíocht dhigiteach agus ar anailísíocht ar na meáin shóisialta
- Sárscileanna TFC agus Béarla chomh maith le mionchruinneas
- Scileanna láidre sa chóipscríbhneoireacht agus i gcruthú ábhair do shuíomhanna gréasáin agus do na meáin shóisialta.
- Sárscileanna eagrúcháin agus pleanála, agus an-chúram a dhéanamh de mhionsonraí agus de chruinneas
- A bheith in ann gníomhú as a stuaim féin, tionscnaíocht agus féinmhuinín a léiriú chomh maith le sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, agus solúbthacht maidir le hathruithe
- A bheith in ann comhoibriú leis na baill foirne eile laistigh de thimpeallacht oibre dhinimiciúil a bhíonn ag athrú an t-am ar fad
- A bheith in ann eolas agus sonraí a anailísiú agus a thuiscint, agus an toradh a chur i láthair ar bhealach sothuigthe.

## Tréithe Inmhianaithe

Meastar go bhfuil na critéir seo a leanas **inmhianaithe** don phost:

- Taithí bliana ar a laghad i ról cumarsáide
- Taithí ar a bheith ag tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide
- Cáilíocht tríú leibhéal sa chumarsáid, sna meáin dhigiteacha, sna meáin shóisialta, sa mhargaíocht, nó i réimse gaolmhar.
- Taithí ar a bheith ag obair le córais bainistíochta ábhair
- Taithí ar eolas inrochtana a sholáthar, lena n-áirítear Béarla Simplí, PDFanna inrochtana, clibeanna ALT
- Taithí ar bhainistíocht imeachtaí
- Eolas ar an earnáil tithíochta

## Inniúlachtaí

- **Scileanna Anailíse agus Uimhearthachta –** Sárscileanna anailíse/uimhearthachta, a bheith in ann comhlíonadh na gcaighdeán riachtanach a léiriú agus a bheith in ann a chinntiú go bhfuil rialuithe agus seiceálacha leordhóthanacha i bhfeidhm.
- **Cinnteoireacht -** Duine a dhéanann breithiúnas maith, a dhéanann cinntí feasacha go pras; a théann i gcomhairle le daoine eile de réir mar is cuí sula gcuirtear cinntí i bhfeidhm.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin -** Duine a chuireann le forbairt pleananna oibriúcháin, a chinntíonn go bhfuil pleananna curtha i bhfeidhm go hiomlán, agus a dhéanann monatóireacht ar dul chun cinn maidir le cuspóirí oibriúcháin.

- **Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta** - Duine a chuireann cumarsáid in oiriúint chun freastal ar an spriocphobal go héifeachtach. Duine atá treallúsach agus proifisiúnta agus e/í ag déileáil le fadhbanna dúshlánacha.
- **Obair Foirne -** Duine a chuireann comhoibriú agus tiomantas chun cinn laistigh d'fhoireann chun cuspóirí agus táirgí insoláthartha a bhaint amach.
- **Eolas Speisialtóra** – duine atá an-eolach ar chúrsaí cumarsáide, ar inneachar a chruthú agus a chur chun cinn, agus ar na meáin shóisialta.

### Scála Tuarastail – Oifigeach Cúnta Foirne – Grád IV Scálaí ÚÁ

€34,260 - €36,366 - €39,355 - €41,318 - €43,035 - €44,696 - €46,938 - €48,560 - €50,206

LSI 1 - €51,733

LSI2 - €53,301

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

### Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**An dáta deiridh a nglactar le hiarratais – an 10 Eanáir 2025 ag 12:00 meán lae**

### Nós Imeachta an Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach eolas a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo,

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.